## A1 Topaic 6

## 05 Gnáthlaethanta

## Éisteacht

2

## 05 Gnáthlaethanta

**Le múineadh:**
- Dul siar ar a bhfuil múinte faoin saol laethúil.

3

## Bileog Gnáthlaethanta

**Lisa:**

1. Éiríonn Lisa ag ______________________________.
2. Oibríonn sí san oifig ó ________________________ go dtí 4.30 p.m.
3. Téann sí go dtí ______________________________ le cairde go minic tráthnóna.

*********************

**Éamonn:**

1. Ólann Éamonn caifé go minic timpeall _______________.
2. Tagann sé abhaile ag _____________________________________.
3. _____________________________________________ ag a 9.00 p.m.

4

©GaeilgegoDeo 2023

## Gnáthlaethanta

- Beidh tú ag déanamh cleachtadh cluastuisceana.
- Tá seans nach dtuigfidh tú gach a bhfuil á rá ar an mír.
- Ná bí buartha faoi sin.

5

## Gnáthlaethanta

- Tá dhá bhriathar nua sa chleachtadh seo:
- *Siúlaim* agus *Tiomáinim*
- *Siúlaim = I walk*
- *Tiomáinim = I drive*

6

## Gnáthlaethanta

- Éist le ceithre mhír ina ndéanann daoine éagsúla cur síos ar na rudaí a dhéanann siad.
- Cloisfidh tú an mhír dhá uair.
- Líon na bearnaí sna habairtí thíos.
- Ansin léigh amach os ard é.

7

©GaeilgegoDeo 2023

## Gnáthlaethanta

**Lisa:**

1. Éiríonn Lisa ag ______________________________.
2. Oibríonn sí san oifig ó _______________________ go dtí 4.30 p.m.
3. Téann sí go dtí _______________________________ le cairde go minic tráthnóna.

********************

**Éamonn:**

1. Ólann Éamonn caifé go minic timpeall _________________.
2. Tagann sé abhaile ag ___________________________________.
3. _______________________________________________ ag a 9.00 p.m.

8

## Gnáthlaethanta

**Ciarán agus Eoin:**

1. Téann Eoin ar ais ag obair ag ______________________.
2. Itheann Ciarán lón in _____________________ in aice leis an stáisiún.

********************

**Frank:**

1. Déanann Sorcha an tsiopadóireacht ag ________________________.
2. Ólann sí ________________________________ ag 11.00 a.m.
3. Déanann sí _____________________________________ timpeall a 3.00 p.m.

9

## Gnáthlaethanta - Script

**Lisa:**

- Is mise Lisa. Is rúnaí scoile mé. Éirím de ghnáth ag thart ar a seacht a chlog.
- Tiomáinim chun na scoile agus ithim mo bhricfeasta i gcistin na scoile ag a hocht a chlog.
- Bím i m'oifig ag leath i ndiaidh a hocht agus oibrím go dtí leath i ndiaidh a ceathair.
- Tráthnóna téim go dtí an teach tábhairne go minic le cairde.

10

©GaeilgegoDeo 2023

## Gnáthlaethanta - Script

**Lisa:**

- Is mise Lisa. Is rúnaí scoile mé. Éirím de ghnáth ag thart ar a seacht a chlog.
- Tiomáinim chun na scoile agus ithim mo bhricfeasta i gcistin na scoile ag a hocht a chlog.
- Bím i m'oifig ag leath i ndiaidh a hocht agus oibrím go dtí leath i ndiaidh a ceathair.
- Tráthnóna téim go dtí an teach tábhairne go minic le cairde.

11

## Gnáthlaethanta - Script

**Lisa:**

- Is mise Lisa. Is rúnaí scoile mé. Éirím de ghnáth ag thart ar a seacht a chlog.
- Tiomáinim chun na scoile agus ithim mo bhricfeasta i gcistin na scoile ag a hocht a chlog.
- Bím i m'oifig ag leath i ndiaidh a hocht agus oibrím go dtí leath i ndiaidh a ceathair.
- Tráthnóna téim go dtí an teach tábhairne go minic le cairde.

12

## Gnáthlaethanta - Script

**Éamonn:**

- Éamonn Ó Dúill is ainm dom. Tá an áit a bhfuil mé i mo chónaí seacht míle ón oifig.
- Tá siopa beag caifé in aice na hoifige agus go minic ólaim caifé ansin timpeall ceathrú chun a naoi nó mar sin.
- Tosaím ag obair ag a naoi de ghnáth agus téim abhaile arís ag leath i ndiaidh a sé.
- Breathnaím ar an nuacht ar an teilifís i gcónaí ag a naoi a chlog.

13

©GaeilgegoDeo 2023

## Gnáthlaethanta - Script

**Éamonn:**

- Éamonn Ó Dúill is ainm dom. Tá an áit a bhfuil mé i mo chónaí seacht míle ón oifig.
- Tá siopa beag caifé in aice na hoifige agus go minic ólaim caifé ansin timpeall ceathrú chun a naoi nó mar sin.
- Tosaím ag obair ag a naoi de ghnáth agus téim abhaile arís ag leath i ndiaidh a sé.
- Breathnaím ar an nuacht ar an teilifís i gcónaí ag a naoi a chlog.

14

## Gnáthlaethanta - Script

**Éamonn:**

- Éamonn Ó Dúill is ainm dom. Tá an áit a bhfuil mé i mo chónaí seacht míle ón oifig.
- Tá siopa beag caifé in aice na hoifige agus go minic ólaim caifé ansin timpeall ceathrú chun a naoi nó mar sin.
- Tosaím ag obair ag a naoi de ghnáth agus téim abhaile arís ag leath i ndiaidh a sé.
- Breathnaím ar an nuacht ar an teilifís i gcónaí ag a naoi a chlog.

15

## Gnáthlaethanta - Script

**Eoin agus Ciarán:** *Fón ag bualadh.*

**Eoin:** Haló.
**Ciarán:** Haigh Eoin, Ciarán anseo. Ar mhaith leat bualadh liom amárach?
**Eoin:** Ó ba bhreá liom. Cén t-am?
**Ciarán:** Cad faoi ceathrú tar éis a haon?
**Eoin:** Tá sin i gceart, ach téimse ar ais ag obair ag ceathrú tar éis a dó.
**Ciarán:** Ceart go leor. Bíonn lón agamsa san óstán in aice leis an stáisiún gach lá.
**Eoin:** Ó tá a fhios agam an áit, beidh mé ansin amárach.
**Ciarán:** Tá go maith. Slán go fóill.
**Eoin:** Slán.

16

©GaeilgegoDeo 2023

## Gnáthlaethanta - Script

| | | |
|---|---|---|
| **Eoin agus Ciarán:** | | *Fón ag bualadh.* |
| **Eoin:** | Haló. | |
| **Ciarán**: | Haigh Eoin, Ciarán anseo. Ar mhaith leat bualadh liom amárach? | |
| **Eoin**: | Ó ba bhreá liom. Cén t-am? | |
| **Ciarán**: | Cad faoi ceathrú tar éis a haon? | |
| **Eoin:** | Tá sin i gceart, ach téimse ar ais ag obair ag ceathrú tar éis a dó. | |
| **Ciarán:** | Ceart go leor. Bíonn lón agamsa san óstán in aice leis an stáisiún gach lá. | |
| **Eoin:** | Ó tá a fhios agam an áit, beidh mé ansin amárach. | |
| **Ciarán**: | Tá go maith. Slán go fóill. | |
| **Eoin:** | Slán. | |

17

## Gnáthlaethanta - Script

**Frank:**

- Is mise Frank agus tá mé pósta le Sorcha.
- Tiomáineann Sorcha mé go dtí an obair agus ansin déanann sí an tsiopadóireacht díreach ina dhiaidh sin ag timpeall ceathrú tar éis a naoi.
- Ólann sí cupán tae nuair a bhíonn sí sa bhaile, ag a haon déag.
- Glanann sí an teach agus ansin déanann sí an dinnéar do na páistí timpeall a trí a chlog.

18


## Gnáthlaethanta - Script

**Frank:**

- Is mise Frank agus tá mé pósta le Sorcha.
- Tiomáineann Sorcha mé go dtí an obair agus ansin déanann sí an tsiopadóireacht díreach ina dhiaidh sin ag timpeall ceathrú tar éis a naoi.
- Ólann sí cupán tae nuair a bhíonn sí sa bhaile, ag a haon déag.
- Glanann sí an teach agus ansin déanann sí an dinnéar do na páistí timpeall a trí a chlog.


19

©GaeilgegoDeo 2023

## Gnáthlaethanta

- Tá nasc den chomhad fuaime thíos.
- Tá cóip den script sa bhileog.
- Déan cleachtadh é a léamh amach ós ard leis an mír.

20

## Bileog

## Gnáthlaethanta - Frank

21

## Gnáthlaethanta – Frank

- Féach ar an script agus léigh amach os ard é.
- Stop an físeán nuair atá sé á léamh agat.

22

©GaeilgegoDeo 2023

## Gnáthlaethanta – Frank

- Anois, cuir líne faoi na briathra sa sliocht.
- An dtuigeann tú an difríocht idir Tiomáin**im** agus Tiomáin**eann**?
- Tiomáin**im**
- Tiomáin**eann tú**
- Tiomáin**eann sé/sí**

23

## Gnáthlaethanta – Frank

- Scríobh cúpla abairt faoi do ghnáth-Shatharn sa bhosca ag baint úsáide as na briathra a roghnaigh tú ón script.
- Léigh d'abairtí amach os ard.

24

## Mo Dheireadh Seachtaine

- Éist liomsa ag déanamh cur síos ar mo dheireadh seachtaine.
- Ansin inis dom faoi mo dheireadh seachtaine.
- Mar shampla:
- *Ar an Satharn ólann tú cupán caife. Glanann tú an teach ag meán lae agus déanann tú dinnéar thart ar a cúig a chlog. Tiomáineann tú go dtí an phictiúrlann ag a seacht a chlog.*
- Is leor abairt nó dhó.

25

©GaeilgegoDeo 2023

## Mo Dheireadh Seachtaine

- Éirím timpeall a seacht a chlog.
- Déanaim íoga ar feadh cúig deag nóimead nó mar sin.
- Ansin bíonn cupán caife agam de ghnáth.
- Oibrím sa ghairdín nó glanaim an teach.
- Téim ag siúl ar an trá agus ansin téim ag snámh.
- Bíonn dinnéar againn timpeall a sé a chlog.
- Féachaim ar scannán ar an teilifís ansin.

26

## Gnáthlaethanta – Frank

- An ndéanann tú an tsiopadóireacht gach maidin?
- An ólann tú cupán tae ag a haon déag a chlog?
- An nglanann tú an teach gach lá?
- An ndéanann tú dinnéar ag a sé a chlog?

27

## Ceisteanna

- An ndéanann tú an tsiopadóireacht gach maidin?
- An ólann tú cupán tae ag a haon déag a chlog?
- An nglanann tú an teach gach lá?
- An ndéanann tú dinnéar ag a sé a chlog?

28

©GaeilgegoDeo 2023

## Ceisteanna

- An ndéanann tú an tsiopadóireacht gach maidin?
- An ólann tú cupán tae ag a haon déag a chlog?
- An nglanann tú an teach gach lá?
- An ndéanann tú dinnéar ag a sé a chlog?

29

## Ceisteanna agus Freagraí

- Cad a tharlaíonn nuair a chuirtear an fhoirm cheisteach ***an*** roimh an mbriathar?
- ? **An + urú**
- Cad a tharlaíonn tar éis ***ní?***
- **Ní + séimhiú (h)**

30

## Gnáthlaethanta - Lisa

- Féach ar an script
- Cuimhnigh ar an dá bhriathar nua atá ann:
- ***Siúlaim* agus *Tiomáinim***
- ***Siúlaim = I walk***
- ***Tiomáinim = I drive***
- Beidh ort ceisteanna a chumadh, bunaithe ar mhír **Lisa**.

31

©GaeilgegoDeo 2023

## Gnáthlaethanta - Lisa

- Cum ceithre ceist ar a laghad.
- Léigh amach os ard iad.
- Cuir an físeán ar sos nuair atá an ghníomhaíocht á dhéanamh agat.

32

## Gnáthlaethanta – Lisa - Freagraí

- An éiríonn tú ag a seacht a chlog?
- An dtiomáineann tú gach maidin?
- An oibríonn tú in oifig?
- An dtéann tú go dtí an teach tábhairne le do chairde sa tráthnóna?

33

©GaeilgegoDeo 2023